Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

# Riarachán na gCógas Leighis

**Polasaí éifeachtach ó 1ú Meán Fómhair 2022**

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta, sláinte agus sábháilteacht na leanaí a chosaint go réasúnach, le linn dóibh a bheith páirteach i gníomhaíochtaí údaraithe scoile, ní leagann sé seo dualgas ar mhúinteoirí riarachán ná gcógas a thógáil orthu féin go pearsanta.

Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí féachaint chuige go gcuirfear múinteoirí ar an eolas i bhfoirm scríofa maidir le haon riocht sláinte atá ag leanbh ar bith ina rang. Déantar é seo nuair atá an leanbh á chlárú sa scoil agus nuair a thagann riochtaí sláinte chun cinn le linn tréimhse an linbh ar scoil.

Ar mhaithe le soiléireachta tá cógas á roinnt againn i ndá chatagóir, cógais forordaitheach agus neamh-fhorordaitheach.

**<u>Cógais Neamh-Fhorordaitheach</u>**
Drugaí thar an gcuntar, paraicéiteamól, aspairín, losainní s.rl.

Ní cheadaítear cógais neamh-fhordaitheach ar scoil, ní dhéanfar iad a stóráil nó a thabhairt do dhaltaí ar scoil.

Deánfar coigistiú ar aon chógas dá leithéid seo faighte sa scoil nó i seilbh an linbh, déanfar iad a stóráil in áit sábháilte, rachaidh an scoil i dteagmháil le tuismitheóirí an linbh agus tabharfar an cógas do thuismitheoir/caomhnóir an linbh. Úsáidfear polasaí disciplín na scoile chun déileáil leis an eachtra seo.

Ba cheart go dtarlódh riarachán na gcógas seo roimh agus tar éis uaireanta scoile sa bhaile.

**<u>Cógais Forordaitheach, Hoiméapaiteacha agus Malartacha</u>**
Ar oideas ó dochtúir, DG (Dochtúir Ginearálta), ospidéal s.rl.

**<u>Análóirí</u>**
- Ní foláir go mbeadh cógas áirithe, ar nós análóirí a úsáideann leanaí le múchadh acu, sorochtana an t-am ar fad le linn an lae scoile agus ní foláir don leanbh iad a thabhairt leo ar scoil go laethúil.
- Tá sé mar fhreagracht an tuismitheora nó an chaomhnóra é seo a chinntiú.

Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- Ní foláir go ndéanfaí análóirí a stóráil i mbosca le hainm an linbh scríofa air agus é sa mhála scoile an t-am ar fad.
- Níl cead análóirí a roinnt
- Ní foláir do leanaí le hanálóirí litir a bheith acu ón dochtúir agus ó thuismitheóirí ag léiriú go bhfuil siad ábalta an análóir a úsaid go neamhspleách, gan chabhair ó dhuine fásta.
- Sa chás go dtógann leanbh méid ró mhór nó ró bheag dá análóir/dá hanálóir, ní ghlacfaidh an Bord Bainistíochta nó foireann na scoile aon dliteanas nó freagracht as.
- Ní ghlacfaidh an Bord Bainistiochta nó foireann na scoile aon dliteanas nó freagracht sa chás go dtógann leanbh análóir ó phearsa nó maoin de chuid leanbh eile agus go ndéanann siad an cógas a análú.

**<u>Cógas Forordaitheach Eile</u>**

**<u>Treoir le hAghaidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí</u>**

- Sa chás inar féidir, ba cheart do dhoctúir na clainne socrú a dheánamh le haghaidh riarachán na gcógas forordaitheach lasmuigh d'uaireanta scoile.
- Nuair atá leanbh breoite agus ag tógáil cógas forordaitheach ba cheart duit comhairle do dhochtúra a lorg maidir leis an leanbh a choimeád sa bhaile.
- Ní riarfar cógas forordaitheach ar scoil gan chead scríofa na dtuismitheóirí agus údarás sainiúil de chuid an Bord Bainistíochta.
- Ba cheart do thuismitheoirí de dhalta go bhfuil gá acu le cógas rialta le linn uaireanta scoile, scríobh chuig an mBord d'fhonn ball foirne a údarú chun an cógas a thabhairt don dalta ar scoil.
- Ba cheart iarratais le haghaidh riarachán cógais a athnuachan ag tús gach scoil bhliain nua.
- Tá sonraí scríofa riachtanach ón dtuismitheóir/caomhnóir chuig an mBord Bainistíochta ag léiriú ainm an linbh, ainm agus dáileog chruinn an chógais i millilítear agus cé chomh minic atá sé le tógáil; cibé ar cheart don leanbh a bheith freagrach as ucht a chógas/cógas féin; na cúinsí ina bhfuil múinteóir in ainm agus an cógas a thabhairt agus toiliú chun amhail a dhéanamh; cathain atáthar in ainm agus an tuismitheóir a chur ar an eolas agus an áit inar féidir teagmháil a dhéanamh léi /leis. Beidh an t-eolas seo ar fhoirm faoi leith iniata leis an bpolasaí seo. Is leis an tuismitheoir féin a luíonn an fhreagracht chun féachaint chuige nach bhfuil an múinteoir údaraithe ar scoil, ach amháin más rud é go bhfuil socrú malartach déanta go logánta.
- Tá tuismitheóirí freagrach as ucht soláthar an chógais agus ba cheart dóibh cuntas a choimeád chun a chinntiú go bhfuil an cógas ar fáil.
- Ba cheart go mbeadh an cógas féin-riartha más féidir.

Gaelscoil Faithleann

Uimhir Rolla 19941 I

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62

Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



- I gcásanna éigeandála cuirfear fios ar chúnamh leighis cáilithe chomh luath agus is féidir. Íocfaidh na tuismitheoirí / caomhnóirí an dochtúir / an t-ospidéal as ucht an cúnamh seo.
- Sa chás go bhfuil riochtaí bagrach don bheatha ag leanaí, ba cheart do dhochtúir an linbh a léiriú go soiléir i scríbhinn, cad iad na rudaí gur féidir agus nach féidir a dhéanamh i gcás éigeandála ar leithligh, ag déanamh tagairt speisialta de na rioscaí féideartha don leanbh.
- Sa bhreis ar sin tá sé de dhíth ar thuismitheóirí an Bord Bainistaiochta agus baill foirne údaraithe a shlánú i leith aon dliteanas a dfhéadfadh teacht chun cinn maidir le riarachán na gcógas forordaithe ar scoil.
- Sa chás go bhfuil an Bord Bainistochta tar éis cead a thabhairt le haghaidh riarachán cógais agus sa chás sin go dtugtar an cógas isteach ar scoil ar bhonn laethúil, níor cheart ach an dáileóg forordaithe a thabhairt isteach, ag an tuismitheóir féin más féidir, le treoracha scríofa soiléir maidir le riarachán. Ba cheart go mbeadh ainm an dalta scríofa ar gach chógas.
- Ní ghlacfaidh an Bord Bainistíochta nó foireannn na scoile aon dliteanas nó freagracht as ucht leanaí a thógann cógas d'aon tsórt ó phearsa nó maoin de chuid leanbh eile, agus a úsáideann an cógas sin.
- Ba chóir athruithe i gcógas forordaitheach (nó i ndáileóg an chógais) a chur in iúl láithreach don múinteoir nó do na múinteoirí atá freagrach as ucht riarachán an chógais le treoracha scríofa soiléir faoin gnáthamh le leanúint i riaradh an chógais nua.

Ba cheart do thuismitheoirí féachaint chuige go bhfuil na gnáthaimh intuigthe go soiléir roimh aon iarratas a chur faoi bhráid an Bord Bainistíochta.

**<u>Treoir do Mhúinteoirí</u>**

- Níor cheart do mhúinteoir cógas a riaradh gan údarás sainiúil an Bhoird bheith aige/aici.
- Ní bheidh sé riachtanach d'aon mhúinteoir cógas nó drugaí a riaradh do dhalta na scoile.
- Má tá múinteoir toilteannach cógas a riaradh do leanbh ní foláir don múinteoir seo a bheith i gcomhluadar múinteoir eile agus amhail á dhéanamh.
- Ba cheart don chógas forordaitheach a bheith féin-riartha más féidir, faoi feitheoireacht duine fásta údaraithe in oifig an phríomhoide.
- Ní foláir cúntas scríofa de dháta agus am an riartha a choimeád i gcomhad in oifig an phríomhoide.
- Sa chás go mbíonn athrú ar an gcógas nó ar dháileóg an chógais ní foláir an t-athrú sin a chur in iúl don mhúinteóir i scríbhinn.



Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- I gcásanna éigeandála cuirfear fios ar chúnamh leighis cáilithe chomh luath agus is féidir. Íocfaidh na tuismitheoirí / caomhnóirí an dochtúir / an t-ospidéal as ucht an cúnamh seo.
- Sa chás go bhfuil riochtaí bagrach don bheatha ag leanaí, ba cheart do dhochtúir an linbh a léiriú go soiléir i scríbhinn, céard iad na rudaí gur féidir agus nach féidir a dhéanamh i gcás éigeandála ar leithligh, ag déanamh tagairt speisialta de na rioscaí féideartha don leanbh.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo nuair a bheidh gá leis.

Tá an polasaí seo tar éis a bheith ceadaithe ag an mBord Bainistíochta de chuid Gaelscoil Faithleann, Deireadh Fómhair 2022

Sínithe: ___________________________________